Aibreán 2014/QP.09 © QQI

# Beartas Monatóireachta.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

1 ACHOIMRE ..... 3
2 BUNEOLAS AGUS RÉASÚNAÍOCHT ..... 3
3 AN COMHTHÉACS DLÍ AGUS EAGRAÍOCHTÚIL ..... 3
4 BEARTAS ..... 4
**4.1** Monatóireacht ..... 4
**4.2** Cineálacha Monatóireachta ..... 5
**4.3** Iarmhairtí na Monatóireachta ..... 8
**4.4** Treoirlínte ..... 9
5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO ..... 9

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Leagtar amach in Acht 2012 feidhmeanna QQI lena n-áirítear monatóireacht ar an tírdhreach cáilíochtaí agus dearbhaithe cáilíochta (QA) in Éirinn.

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chuige beartais QQI maidir lena fheidhm mhonatóireachta. Tacaíonn beartais agus próisis eile de chuid QQI leis an doiciméad beartais seo.

Trí phróiseas comhairliúcháin, a mbíonn gach páirtí leasmhar páirteach ann, a dhéantar beartas QQI a chur i dtoll a chéile. Gheofar sonraí an phróisis forbartha beartais ar www.QQI.ie. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 BUNEOLAS AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Leagtar amach go hachomair sa bheartas seo an cur chuige foriomlán eagraíochtúil go dtabharfaidh QQI faoi mhonatóireacht ar thírdhreach cáilíochtaí agus dearbhaithe cáilíochta DC. Socróidh sé paraiméadair le haghaidh treoirlínte agus gnásanna mionsonraithe chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna (ELT, BOO agus AOO), chomh maith leis na treoirlínte maidir le DC a eisíonn QQI faoi Alt 27(1) d'Acht 2012. Tá na prionsabail atá mar bhonn agus taca faoi ghníomhaíocht monatóireachta QQI sainráite go soiléir agus leabaithe sa bheartas seo.

Tógann cur chuige QQI ar thaithí roimhe seo ar mhonatóireacht agus ar chur i bhfeidhm Acht 2012.

Is é aidhm an bheartais an réasúnaíocht agus an ailtireacht a sholáthar do na cineálacha ginearálta gníomhaíochtaí monatóireachta a dhéanann QQI. Míníonn sé:

- Cad is monatóireacht ann agus cad iad na cineálacha monatóireachta a dhéantar
- Na prionsabail uileghabhálacha a bhaineann le gach cineál monatóireachta.

# 3 COMHTHÉACS DLÍ AGUS EAGRAÍOCHTÚIL

Ceanglaítear go sainráite le hAcht 2012 ar QQI "monatóireacht" a dhéanamh ar raon gníomhaíochtaí soláthraithe lena n-áirítear:

- Éifeachtúlacht gnásanna DC de chuid soláthraithe (Alt 9(c))
- Cláir bhailíochtaithe lena n-áirítear athbhailíochtú (Alt 9(d))

- Údarás tarmligthe (DA) chun dámhachtainí a dhéanamh (Alt 9(f))
- Cur i bhfeidhm gnásanna de chuid soláthraithe maidir le Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn (Alt 9(g)).

Ceanglaítear ar sholáthraithe, leis, faoi Acht 2012 sonraí, tuarascálacha agus doiciméid agus faisnéis eile a sholáthar do QQI ó am go ham agus ar iarratas ó QQI.

Ní dhéantar monatóireacht a shainmhíniú in Acht 2012 ná ní leagtar amach ann cad ba cheart a bheith i gceist go sonrach le monatóireacht. Tá oibleagáid intuigthe ann, áfach, go ndéanfar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí de chuid soláthraithe a bhaineann le seirbhísí QQI agus gníomhaíochtaí eile nach bhfuil liostaithe go sonrach in Acht 2012.

Tá QQI tiomanta freisin[1] do:

- Bheith foghlaimeoir-láraithe
- Tacú le feabhsú cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna
- Eolas ábhartha, tráthúil agus cuimsitheach a sholáthar don phobal faoi cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna.

Oibríonn monatóireacht QQI i dtreo na spriocanna straitéiseacha seo.

Bhí taithí éagsúil ar mhonatóireacht in eagraíochtaí réamhtheachtaí QQI agus ba earnáil éagsúil an earnáil a raibh siad ag plé léi. Braithfidh cur chuige QQI i leith na monatóireachta ar na cineálacha earnálacha agus soláthraithe a bheidh i gceist. Sonrófar impleachtaí don mhonatóireacht i dtreoirlínte DC (agus treoir eile), arna n-eisiúint ag QQI do chineálacha sonracha soláthraithe agus modhanna soláthair  amach anseo.

# 4 BEARTAS

## 4.1 MONATÓIREACHT

Tá soláthraithe freagrach sa deireadh as cáilíocht a soláthair; cur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh ar a ngnásanna maidir le dearbhú cáilíochta; agus feabhsú leanúnach.

Is próiseas seachtrach DC é monatóireacht QQI a chuimsíonn gnáthmheastóireacht agus meastóireacht aonuaire, anailísí, breathnuithe agus taifeadadh ar ghníomhaíochtaí soláthraithe.

Tacaíonn na prionsabail monatóireachta seo a leanas le cur chuige QQI:

A. aCabhraíonn sé le soláthraithe cur i bhfeidhm éifeachtach a ngnásanna maidir le DC a léiriú

B. Tacaíonn sé le muinín an phobail as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, na dámhachtainí laistigh de agus na soláthraithe a thairgeann cláir as a leanann siad seo

C. Beidh gníomhaíochtaí dírithe ar chláir as a leanann dámhachtainí QQI ach gan a bheith teoranta dóibh

D. Cuirfear foinse faisnéise poiblí ar fáil trí thorthaí na monatóireachta a fhoilsiú

1 Gheofar tuilleadh sonraí i Ráiteas Straitéise QQI 2014 - 2016.

E. D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha a bheith aige do sholáthraithe (d'fhéadfadh cuid acu a bheith suntasach)

F. Beidh comhpháirtíocht le forais eile (gníomhaireachtaí agus ranna rialtais eile, mar shampla) agus comhroinnt faisnéise i gceist leis seo

G. Soláthraíonn sé dearbhú poiblí agus cuntasacht nuair a bhíonn cúis imní amm

H. Soláthraíonn sé deiseanna le haghaidh machnaimh agus feabhsú cáilíochta.

Mar an gcéanna, ní ionann monatóireacht agus

- An t-athbhreithniú reachtúil ar éifeachtacht gnásanna DC soláthraithe (faoi ghnásanna Alt 34 d'Acht 2012)
- Modh do sholáthraithe chun a gcuid beartas agus gnásanna DC a chur chun feidhme
- Bealach chun an tírdhreach oideachais agus oiliúna a phóilíniú go gníomhach chun éilliú, neamhinniúlacht nó soláthar droch-chaighdeán a shainaithint. Is freagracht i bpáirt é seo idir gach ball den phobal oideachais agus oiliúna.

D'fhéadfadh torthaí na monatóireachta cur le tuiscint QQI ar éifeachtacht gnásanna DC an tsoláthraí agus ar a gcur i bhfeidhm chomh maith le cáilíocht an tsoláthair ar shlí níos ginearálta.

Leanfaidh QQI de ghnásanna agus treoirlínte a chur i dtoll a chéile do chineálacha soláthraithe agus do ghníomhaíochtaí soláthraithe éagsúla lena n-áireofar impleachtaí don mhonatóireacht[2].

## 4.2 CINEÁLACHA MONATÓIREACHTA

Déanfaidh QQI monatóireacht ar chineálacha éagsúla soláthraithe ar bhealaí éagsúla ag brath ar a raon feidhme agus ar a ngníomhaíocht. Trí chineál monatóireachta atá ann, i gcoitinne:

### A) CINEÁL 1 - FÉINMHONATÓIREACHT SOLÁTHRAÍ

Athbhreithniú Inmheánach Soláthraí agus Gníomhaíochtaí Leantacha a Bhaineann le Ceanglais Reachtúla

Freagracht i bpáirt idir soláthraithe agus QQI is ea an cineál monatóireachta seo. Tá féinmheastóireacht agus tuairisciú ar DC ag soláthraithe (de réir a ngnásanna comhaontaithe/fógartha) ríthábhachtach do mhonatóireacht QQI[3].

Féadfaidh idirchaidreamh reachtúil idir soláthraí agus QQI; mar atá leagtha amach i saolré gealltanas an tsoláthraí; coinníollacha, moltaí agus gníomhartha eile a ghiniúint le haghaidh obair leantach. Ní mór do sholáthraithe athbhreithniú inmheánach agus obair leantach a dhéanamh orthu sin (féinmhonatóireacht) agus ansin tuairisc a thabhairt do QQI orthu.

2 Gheofar tuilleadh sonraí i mBeartas QQI ar Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta [le foilsiú]
3 Soláthraíonn Treoirlínte ábhartha QQI um Dhearbhú Cáilíochta treoir mhionsonraithe maidir le bunú gnásanna féinmhonatóireachta

Ar an mbealach seo treoraíonn féinmhonatóireacht soláthraithe chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus feabhsú a ngnásanna maidir le DC a léiriú. Cuidíonn sé freisin le QQI faisnéis a sholáthar don phobal ar cháilíocht na gclár agus ar chaighdeáin na ndámhachtainí a leanann astu.

Má theipeann ar sholáthraí monatóireacht inmheánach agus tuairisciú dá réir a dhéanamh, d'fhéadfadh idirghabháil ó QQI a bheith mar thoradh air, mar thoradh ar chúis imní (Féach Cineál 3 maidir le Monatóireacht ar Chúiseanna Imní thíos).

Forais Cháiliúcháin Ainmnithe (DABanna) agus Institiúidí a bhfuil údarás tarmligthe acu - Comhphlé agus Rannpháirtíocht

Is freagracht freisin ar na hinstitiúidí atá in ann a ndámhachtainí féin a dhéanamh (faoi údarás tarmligthe nó mar DABanna) féinmhonatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh. Aithníonn na hinstitiúidí seo tosaíochtaí dá ngníomhaíochtaí DC agus déanann QQI athbhreithniú ar éifeachtacht a ngnásanna DC. Gineann na tosaíochtaí agus an t-athbhreithniú seo gníomhaíochtaí leantacha freisin.

Bíonn caidreamh ag QQI leis na hinstitiúidí seo i gCruinnithe Bliantúla Idirphlé agus faigheann sé Tuarascálacha Cáilíochta Institiúide freisin, a sholáthraíonn faisnéis agus rannpháirtíocht ar ghníomhaíochtaí institiúideacha a bhaineann le DC.

## B) CINEÁL 2 - GNÁTHSHOLÁTHAR FAISNÉISE

Tá sé de dhualgas ar sholáthraithe (ar bhealaí éagsúla ag brath ar a gcineál agus a ngníomhaíocht) faisnéis a sholáthar go rialta do QQI, lena n-áirítear:

A. Tuarascálacha féinmhonatóireachta agus leantacha (mar a leagtar amach thuas)

B. Faisnéis ar ionstraimí DC córais nó earnála (aiseolas ón scrúdaitheoir seachtrach agus ón bhfíordheimhneoir mar shampla)

C. Faisnéis agus sonraí staidrimh a bhaineann leis an gcóras oideachais agus oiliúna agus le haghaidh eolaire clár agus dámhachtainí QQI, mar:
   - Sonraí na n-athruithe a théann i bhfeidhm ar chláir as a leanann dámhachtainí QQI
   - Sonraí ar athruithe ar raon feidhme soláthair an tsoláthraí[4]
   - Sonraí na socruithe chun Foghlaimeoirí Rollaithe a Chosaint[5] agus Rochtain, Aistriú agus Dul chun Cinn

D. Teagmhais nó fachtóirí riosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fhoghlaimeoirí, nó ar cheadú gnásanna DC (mar shampla: sáruithe ar Acht 2012 (nó aon dlí eile), saincheisteanna airgeadais, saincheisteanna acmhainne, nochtuithe atá le déanamh sna meáin srl. a d'fhéadfadh baint a bheith acu le cáilíocht acadúil) agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní agus a d'fhéadfadh idirghabháil dhíreach ó QQI a spreagadh.

Míneofar sainriachtanais an tsoláthraí maidir le soláthar faisnéise i saolré caidreamh an tsoláthraí. Má theipeann ar sholáthraí gnátheolas a sholáthar do QQI nó faisnéis a d'fhéadfaí a mheas mar ábhar imní.

4 Féach An Beartas um Bailíochtú Tosaigh
5 Féach Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe Prótacail chun Cuid 6 d'Acht 2012 a Chur Chun Feidhme

## FAISNÉIS PHOIBLÍ A SHOLÁTHAR

Tá sé de dhualgas ar sholáthróirí faisnéis phoiblí áirithe a sholáthar freisin. Féadfar torthaí mhonatóireacht QQI a phoibliú freisin. Féadfaidh QQI an fhaisnéis seo a úsáid (b'fhéidir i gcomhar le comhlachtaí eile) chun tuarascálacha agus anailísí ar leibhéal an chórais a chruthú as a leanfaidh feabhsuithe ar an gcóras oideachais agus oiliúna.

Cabhraíonn monatóireacht den chineál seo le feidhmiú DC a rianú agus aon deacrachtaí a bhíonn ag foghlaimeoirí, soláthraithe nó páirtithe leasmhara eile a aithint. Féadfaidh sé aird a dhíriú freisin ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann sula mbeidh siad ina saincheisteanna náisiúnta tromchúiseacha.

Tá sé riachtanach sonraí ar ardchaighdeán a bheith ar fáil ó sholáthraithe le go mbeidh QQI in ann a fheidhmeanna monatóireachta a chomhlíonadh go héifeachtach.

Faisnéis Soláthraí a Chomhroinnt agus a Úsáid - QQI, Soláthraithe agus Tríú Páirtithe

Comhroinnfidh agus úsáidfidh QQI faisnéis atá ar fáil go poiblí a thagann ó choinní (reachtúla agus neamhreachtúla) a bhíonn ag soláthraithe le comhlachtaí eile.

(gníomhaireachtaí, maoinitheoirí, ranna rialtais srl.) chomh maith le QQI.

I gcás ina bhfuil faisnéis ábhartha neamhphoiblí ag QQI agus ag tríú páirtí mar gheall ar sholáthraí, beidh comhroinnt (nó easpa comhroinnte) na faisnéise sin á rialú ag an dlí um chosaint sonraí agus um shaoráil faisnéise agus an mbeartas náisiúnta um chomhroinnt faisnéise.

Oibreoidh QQI chun an t-ualach ar sholáthraithe sonraí a sholáthar do ghníomhaireachtaí stáit a laghdú agus freisin chun úsáid éifeachtach na sonraí agus na faisnéise seo a chinntiú tar éis iad a bhailiú.

## C) CINEÁL 3 - CÚISEANNA IMNÍ

Féadfaidh QQI a bheith feasach ar chúiseanna imní faoi sholáthraí. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na gcúiseanna imní (ach gan a bheith teoranta dóibh sin):

- Soláthraí a dteipeann orthu gnásanna DC a chur i bhfeidhm go héifeachtach mar atá aontaithe/fógartha le QQI
- Soláthraí a dteipeann orthu na hionchais atá leagtha amach i saolré gealltanais an tsoláthraí a chomhlíonadh
- Údair imní maidir le cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna agus na caighdeáin a bhaineann foghlaimeoirí amach
- Soláthraí a dteipeann orthu obair leantach a dhéanamh ar choinníollacha agus ar mholtaí a eascraíonn as caidreamh reachtúil
- Soláthraí a sháraíonn téarmaí Acht 2012, nó dlí eile.
- D'fhéadfadh cúiseanna imní teacht chun cinn as monatóireacht Chineál 2 - gnáthsholáthar faisnéise (a leagtar amach thuas) nó eile. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo:
- Gearáin arna ndéanamh ag foghlaimeoirí, nó tríú páirtithe

- Údair imní a d'ardaigh gníomhaireacht nó foras eile (in ainneoin an dlí um chosaint sonraí)
- Nochtadh cosanta[6] ag fostaithe maidir le soláthraí

I gcás cúiseanna imní cibé acu gearáin, imní nó nochtadh cosanta, déanfaidh QQI:

- Féachaint le fírinne an ábhair imní a fháil amach
- An chúis imní a fhiosrú
- Rúndacht fhoinse na cúise a chosaint (nuair is féidir agus nuair is cuí)

Más ábhar imní dlisteanach é, cuirfidh QQI tús le sraith ócáidí caidrimh leis an soláthraí chun díriú ar an tsaincheist.

## 4.3 IARMHAIRTÍ NA MONATÓIREACHTA

Féadfar torthaí ghníomhaíochtaí monatóireachta uile QQI a fhoilsiú, lena n-áirítear freagra an tsoláthraí.

Táthar ag súil gur gníomhartha dearfacha agus dírithe ar fheabhsú a fheicfear ó sholáthraithe agus ó QQI mar thoradh ar mhonatóireacht agus ar fhéinmhonatóireacht soláthraithe. Tá súil ag QQI go gcuideoidh an mhonatóireacht le cleachtas éifeachtach a scaipeadh ar fud chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann.

Braithfidh gníomhartha leantacha agus torthaí a eascraíonn as monatóireacht ar na cúinsí agus ar an ngaol idir QQI agus an soláthraí agus a gcuid gníomhaíochta.

Áirítear ar na hiarmhairtí féideartha, gan a bheith teoranta dóíbh:

A. An soláthraí ag tabhairt faoi fhéinmheastóireacht ina mbaintear úsáid as piar-athbhreithniú neamhspleách
B. Coinníollacha breise a fhorchur ar sholáthraí
C. Athbhailíochtú clár
D. Ceanglas faisnéis bhreise a sholáthar do QQI
E. Athbhreithniú ar shaolré gealltanais an tsoláthraí
F. Bailíochtú clár a tharraingt siar
G. Deimhniú foghlaimeora a choinneáil siar
H. Athbhreithniú reachtúil faoi Acht 2012 a thionscnamh
I. Údarú chun an IEM a úsáid a tharraingt siar
J. Údarás tarmligthe a tharraingt siar
K. Aitheantas do dhámhachtainí laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a tharraingt siar
L. Moratóir ar rochtain bhreise ar sheirbhísí QQI (mar shampla, bailíochtú clár nua).

6 Gheofar tuilleadh sonraí san Acht um Nochtadh Cosanta 2014

### 4.4 TREOIRLÍNTE

Soláthraíonn Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta QQI treoir mhionsonraithe agus gnásanna imlíne chun soláthraithe a threorú ina n-oibleagáidí faoin mbeartas monatóireachta seo.

Gheofar tuilleadh comhairle maidir le próisis shonracha agus feidhmeanna QQI agus an bhaint idir iad agus an mhonatóireacht ar shuíomh Gréasáin QQI maidir le feidhmeanna sonracha.

## 5 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar phrionsabail agus ar chur chuige QQI i leith na monatóireachta dhá bhliain tar éis ghlacadh an bheartais seo, nó níos luaithe más gá.